An Roinn Oideachais
Department of Education

26 Eanáir 2021 **Ciorclán Uimhir: 0001/2021**

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna

SOCRUITHE DO RANNPHÁIRTÍOCHT NA CIGIRACHTA LE SCOILEANNA, EANÁIR – MEITHEAMH 2021

ACHOIMRE

Tá eolas ar fáil sa chiorclán seo faoi rannpháirtíochtaí comhairleacha, taighde agus meastóireachta na Cigireachta le scoileanna sa scoilbhliain reatha.

Tá breac-chuntas ann ar an obair a bheidh á déanamh againn idir Eanáir agus Meitheamh 2021.

Tagann sé mar chomhlánú ar Chiorclán 0040/2020 na Roinne a eisíodh go bunscoileanna i mí an Mheithimh 2020.

Is féidir teacht ar léiriú Powerpoint faoin gCiorclán seo ag an nasc seo a leanas: https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirlínte-Meastóireachta/cigireacht-ag-tacu-le-scoileanna-agus-leis-an-roinn-eanair-marta-2021.pdf

Réamhrá

Tuigeann an Chigireacht na dúshláin shuntasacha atá roimh phríomhoidí scoile, múinteoirí agus foireann eile na scoile, boird bhainistíochta, daltaí, tuismitheoirí agus pobail scoile le linn na scoilbhliana 2020/21 mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Tá iarrachtaí den scoth déanta ag ceannairí scoile agus ag foireann na scoile na scoileanna a athoscailt agus leanúint le soláthar ionscoile i dTéarma 1 den scoilbhliain agus, faoi láthair, tá a leithéid á dhéanamh acu chun foghlaim ar líne a sholáthar do dhaltaí.

Le tuiscint ar na dúshláin agus an comhthéacs atá ag scoileanna, rinne an Chigireacht na gnáthshocruithe le haghaidh obair chigireachta agus chomhairleach don scoilbhliain 2020/21 a choigeartú. Rinneadh na hoiriúnuithe seo a leagan amach i gciorclán 0040/2020 na Roinne, mar a bhfuil cur síos déanta ar shocruithe don fhéinmheastóireacht scoile agus do chigireacht scoile don scoilbhliain 2020/2021.

Is é príomhchuspóir an Chiorcláin seo ná eolas breise a chur ar fáil faoi rannpháirtíochtaí comhairleacha, taighde agus meastóireachta na Cigireachta le scoileanna idir Eanáir agus Meitheamh 2021.

1. Rannpháirtíocht na Cigireachta le Scoileanna: Meán Fómhair go Nollaig 2020

Obair Chomhairleach Tacaíochta i dTéarma 1

Dhírigh príomhfhócas obair na Cigireachta sa chéad téarma den scoilbhliain 2020/2021 ar a cuid oibre comhairleach i scoileanna. Bhí dearadh ár gcuid oibre dírithe ar thacú le ceannairí scoile, múinteoirí agus foireann scoile eile chun soláthar a dhéanamh d'fhoghlaim agus do dhul chun cinn gach leanbh agus duine óg - le fócas láidir ar riachtanais foghlaimeoirí leochaileacha. Is trí ghlaonna teileafóin, físchomhdháil agus cuairteanna chuig scoileanna a tharla foriomlán 4661 caidreamh le bunscoileanna agus scoileanna speisialta.

Léirigh anailís ar na téamaí a d'eascair as obair chomhairleach na Cigireachta le scoileanna go raibh daltaí sásta a bheith ar ais ar scoil agus ath-theagmháil a dhéanamh lena gcairde agus lena múinteoirí agus, in ainneoin na ndúshlán a bhaineann le comhthéacs paindéimeach do cheannairí agus do bhainisteoirí scoileanna, bhí sár-thiomantas i measc múinteoirí, príomhoidí agus phobal uile na scoile lena dheimhniú go bhféadfadh daltaí socrú ar ais ar scoil go rathúil agus dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama. D'ardaigh príomhoidí ábhair imní linn freisin faoi raon saincheisteanna, ar nós fáil a bheith ar mhúinteoirí ionaid agus feidhmiú bearta coiscthe Covid-19 i scoileanna.

Taighde agus meastóireacht i dTéarma 1

Áiríodh mar chuid d'obair thaighde agus mheastóireachta na Cigireachta ó Mheán Fómhair-Nollaig 2020 suirbhéanna ar phríomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí i sampla de bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. Rinneamar obair freisin le grúpaí fócais daltaí/scoláirí i sampla beag bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Bhí an t-eolas ó na suirbhéanna agus ó na grúpaí fócais daltaí/scoláirí mar chomhlánú ar na sonraí a chuir príomhoidí ar fáil le linn na seisiún comhairleach.

Trí dhearcthaí raon páirtithe leasmhara a ghabháil, d'éirigh linn léargas luachmhar a fháil ar na héachtaí agus na dúshláin a bhí ag scoileanna agus daltaí sa chéad téarma den scoilbhliain. D'éirigh linn tuiscint níos fearr a fháil, ach go háirithe, ar na sainriachtanais a bhí ag gach grúpa freagróirí ó thaobh folláine, teagasc agus foghlaim agus socruithe maidir le Covid-19.

Chabhraigh a raibh le foghlaim ón obair thaighde agus mheastóireachta seo le bonn eolais a thabhairt don treoir a d'eisigh an Roinn do scoileanna tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe múinteoirí, ceannairí scoile, comhlachtaí bainistíochta scoile, eagraíochtaí náisiúnta na dtuismitheoirí agus, ag an dara

leibhéal, ionadaithe na scoláirí. Chruthaigh an taighde deis freisin dea-chleachtas a scaipeadh.

Gníomhaíocht Chigireachta i dTéarma 1

Airíodh mar chuid de na ngníomhaíochtaí cigireachta le linn na tréimhse Meán Fómhair-Nollaig 2020:

- Chríochnaíomar roinnt cigireachtaí a thosaigh i Feabhra/Márta 2020 ach a stopadh nuair a dhún scoileanna an 12 Márta. I mbeagnach gach cás, eisíodh tuairiscí a d'eascair as na cigireachtaí seo, agus táimid buíoch de na scoileanna a bhí i gceist as a gcomhoibriú maidir leis na cigireachtaí agus na próisis tuairiscithe a thabhairt chun críche.

- I rith an Fhómhair 2020, i gcomhpháirt leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, na comhpháirtithe oideachais agus sampla de scoileanna, rinneamar socruithe a fhorbairt do chuairteanna maidir le Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta (cuairteanna TSSS). Rinneadh na cuairteanna seo a dhearadh chun tacú le scoileanna agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cleachtas oibre sábháilte de réir mar a bhí scoileanna ag athoscailt agus ag feidhmiú i gcomhthéacs na paindéime Covid-19. Tharla móriomlán 416 cuairt dá leithéid i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta le linn Meán Fómhair-Nollaig 2020. Bhí torthaí a d'eascair ó na cuairteanna seo an-dearfach i gcoitinne, ag léiriú an tslí ina raibh scoileanna ag feidhmiú lena dheimhniú gur áiteanna sábháilte iad na scoileanna don obair agus don fhoghlaim.

- Le linn na tréimhse Meán Fómhair-Nollaig 2020 chríochnaíomar roinnt cigireachtaí tosaíochta freisin. Ina measc seo bhí cigireachtaí Leantacha práinneacha, roinnt Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí, agus líon beag cigireachtaí eile.

2. Seirbhís Tacaíochta Scoile FSS

Le linn míonna deireanacha 2020 tháinig fianaise chun cinn ó theagmháil le scoileanna a léirigh an gá le tacaíocht bhreise do scoileanna agus do cheannairí scoile nuair a d'eascair cásanna Covid-19. D'oibrigh an Chigireacht i gcomhpháirt lenár gcomhghleacaithe i bhFoirne Tacaíochta Scoile Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun cuidiú leo de réir mar a bhí tacaíocht shonrach agus spriocdhírithe á sholáthar acu do scoileanna.

Ó thús mhí na Samhna 2020, rinneadh roinnt cigirí a shannadh, do roinnt dá gcuid ama, ar Sheirbhís Tacaíochta Scoile FSS. Méadófar an tacaíocht seo de

réir mar a bhíonn scoileanna ag athoscailt agus leanfaidh an Chigireacht ag soláthar cúnaimh d'Fhoirne Tacaíochta FSS de réir mar is gá agus mar a chomhaontaítear.

3. Obair chomhairleach, thaighde agus mheastóireachta na Cigireachta Eanáir-Meitheamh 2021

Tá sé mar thosaíocht na Roinne, de réir mar a théann an scoilbhliain ar aghaidh, a chur ar chumas gach dalta, go háirithe na daltaí is leochailí, fanacht gafa lena scoileanna agus leanúint le dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama. Baineann an tosaíocht seo le gach comhthéacs ina mbíonn scoileanna ag soláthar d'fhoghlaim daltaí sa scoilbhliain reatha - cibé acu duine le duine, i dtimpeallacht chianda, nó i gcomhthéacs foghlama cumaisc. Tá cigirí san airdeall faoin ról ríthábhachtach atá ag príomhoidí, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus baill foirne eile na scoile, boird bhainistíochta, tuismitheoirí agus pobal uile na scoile maidir le tacú leis an tosaíocht seo.

Léiríonn clár oibre na Cigireachta sa tréimhse Eanáir-Feabhra 2021 ár dtiomantas tacú le scoileanna agus na torthaí is fearr is féidir a dheimhniú do gach foghlaimeoir. Beidh an méid seo a leanas mar chuid den chlár oibre:

Obair Chomhairleach Tacaíochta i dTéarma 2 agus i dTéarma 3

- Seirbhís chomhairleach tiomnaithe ar an nguthán maidir le feidhmiú an churaclaim i gcomhthéacs na cianfhoghlama: Ón Máirt, 19 Eanáir 2021, tá seirbhís tiomnaithe líne chabhrach comhairleach gutháin á soláthar ag an gCigireacht do scoileanna ó 09.00-17.30, Dé Luain-Dé hAoine. Tá sé seo á dhéanamh le cur ar chumas príomhoidí agus múinteoirí teagmháil a dhéanamh leis an gCigireacht le ceisteanna faoi theagasc, foghlaim, measúnú agus cur i bhfeidhm an churaclaim, go háirithe i gcomhthéacs an chianteagaisc. Tá an líne chabhrach ar fáil trí Cur i bhFeidhm Curaclaim (rogha 2) a roghnú ar Líne Chabhrach Covid na Roinne Oideachais 057-9324461.

- Seoladh ríomhphoist tiomnaithe do cheisteanna maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim i gcomhthéacs na cianfhoghlama: Beidh ar chumas príomhoidí agus múinteoirí scoile teagmháil a dhéanamh leis an gCigireacht le ceisteanna faoi theagasc, foghlaim, measúnú agus cur i bhfeidhm an churaclaim, go háirithe i gcomhthéacs an chianteagaisc, ar ríomhphost chuig inspectorateadvisory@education.gov.ie

- Seirbhís chomhairleach leanúnach: Féadfaidh bunscoileanna agus scoileanna speisialta teagmháil a dhéanamh freisin lena gcigire sannta chun comhairle a fháil. Leanfaidh cigirí ar aghaidh freisin ag déanamh teagmhála go díreach le scoileanna ag tairiscint comhairle faoi theagasc agus foghlaim agus ag bailiú faisnéise faoi eispéiris scoileanna.

Taighde agus Measúireacht i dTéarma 2 agus i dTéarma 3

D'fhonn an soláthar ar na deiseanna is fearr is féidir a dheimhniú d'fhoghlaimeoirí, leanfaidh an Chigireacht ag bailiú faisnéise faoi cé chomh maith agus atá an córas ag oiriúnú do na dúshláin atá ann. Cuirfidh an fhaisnéis seo bonn eolais faoin treoir a chuirfidh an Roinn ar fáil agus faoin gcomhairle a chuirtear ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí. Le linn na coda eile den scoilbhliain, beidh an Chigireacht gafa le

- Suirbhéanna ar phríomhoidí: Mar a rinneamar i dTéarma 1, beimid ag déanamh teagmhála le sampla príomhoidí chun cuireadh a thabhairt dóibh ceistneoirí rúnda ar líne a chomhlánú. Táimid go mór faoi chomaoin ag príomhoidí as a gcomhoibriú linn san obair seo.

- Suirbhéanna agus grúpaí fócais daltaí agus tuismitheoirí: Tugann an obair seo deis dúinn mionfhaisnéis a bhailiú faoi dhearcthaí daltaí agus tuismitheoirí maidir lena n-eispéiris den fhoghlaim ar líne/ nó den fhoghlaim ionscoile. Táimid an-bhuíoch do na scoileanna a dhéanann an obair seo le grúpaí fócais agus suirbhéanna a éascú.

- Bealaí a fhorbairt chun foghlaim ar líne a mheas: Táimid ag forbairt cineálacha cur chuige freisin le cur ar chumas cigirí agus scoileanna cáilíocht an tsoláthair oideachais i dtimpeallacht foghlama chianda a mheas ar bhealach níos cuimsithí. Ba mhaith linn an cur chuige seo a fhorbairt i gcomhpháirt le múinteoirí agus ceannairí scoile, agus dá bhrí sin beidh cuireadh á fháil ag sampla beag scoileanna comhoibriú linn san obair fhorbartha seo i mí Eanáir/Feabhra 2021. Mar is amhlaidh i ngach cineál obair fhorbartha dá leithéid, tá sé de rogha ag scoileanna diúltú páirt a ghlacadh sa tionscadal, agus ní fhoilseofar aon tuarascálacha a eascróidh as na measúireachtaí. Más spéis le do scoil a bheith páirteach san obair seo, bheadh áthas ar ár rannóg taighde cloisteáil uait ag ESRU@education.gov.ie.

Gníomhaíocht Chigireachta i dTéarma 2 agus i dTéarma 3

- Tosóidh cuairteanna TSSS ar scoileanna (na cuairteanna um Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta) nuair a athosclóidh scoileanna agus beidh tuairisc á sholáthar againn don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ina leith seo ar bhonn seachtainiúil. Tá sonraí maidir leis an tslí ina ndéantar na cuairteanna cigireachta seo agus ina ndéantar tuairisciú orthu ar fáil sa treoir maidir le cuairteanna TSSS, *Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta,* https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirlínte-Measúireachta/ag-tacu-le-solathar-sabhailte-scolaiochta-2021.pdf a fuair faomhadh ón Aire Oideachais tar éis

comhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais i dTéarma 1. Tá torthaí an-dearfacha ar fáil go dtí seo ó na cuairteanna TSSS seo, a léiríonn go bhfuil scoileanna ag obair go han-dian chun cloí le cleachtais oibre shábháilte.

- Beidh líon beag Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí á dhéanamh againn i scoileanna mar aon le roinnt cigireachtaí práinneacha eile

- Déanfaidh cigirí iarphlé le scoileanna inar ardaíodh saincheisteanna maidir le comhsheasmhacht an tsoláthair don teagaisc agus foghlaim ó chian, lena n-airítear mar shampla, ceisteanna faoi rialtacht an tsoláthair ar líne agus an aischothaithe do dhaltaí, agus soláthar do dhaltaí atá ag fáil tacaíochta ó Mhúinteoirí Oideachas Speisialta.
- Coinneofar faoi athbhreithniú na sainghníomhaíochtaí a chuimsítear in obair na Cigireachta agus tiocfaidh siad chun cinn de réir chomhairle sláinte poiblí agus na cúinsí sláinte a bhíonn i réim.

4. Féinmheastóireacht scoile sa scoilbhliain 2020/2021

Mar atá tugtha le fios i Ciorclán 0040/2020, níl aon riachtanais nua FMS ann do scoileanna sa scoilbhliain 2020/21. Cuireadh roinnt moltaí praiticiúla ar fáil in eagrán 15 Nollaig den Nuashonrú FMS faoin tslí ina bhféadfadh an próiseas FMS cabhrú le scoileanna agus iad ag freagairt go solúbtha do dhúshláin de réir mar a thagann siad chun cinn sa scoilbhliain reatha.

Tá an chéad timthriall eile de FMS 2021-2024 le tosú i Meán Fómhair 2021. Sula dtarlaíonn sé sin, beidh an Roinn agus a Cigireacht i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear príomhoidí, ceannairí scoile agus múinteoirí. Cruthóidh sé seo deis an-luachmhar machnamh a dhéanamh ar a bhfuil ag obair go maith, cad é an chéad fhócas eile don FMS, agus cé na gníomhaíochtaí breise ba cheart a dhéanamh chun tacú le húsáid FMS.

5. Tuilleadh eolais agus cáipéisí úsáideacha

Is féidir tuilleadh eolais mar aon le comhairle úsáideach a fháil mar seo a leanas:

- Léiriú Powerpoint mar chomhlánú ar an gCiorclán seo atá le fáil ag https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirlínte-Meastóireachta/cigireacht-ag-tacu-le-scoileanna-agus-leis-an-roinn-eanair-marta-2021.pdf

- Sraith ábhar treorach, a comhaontaíodh leis na comhpháirtithe oideachais, chun tacú le scoileanna an curaclam a theagasc go sábháilte do gach dalta/scoláire i gcomhthéacs dhúnadh scoileanna i bpáirt nó go hiomlán ag: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/

- Treoir *Nuashonraithe ar Leanúnachas Scolaíochta: Ag tacú le daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu* ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/leanunachas-scolaiochta/leanunachas-scolaiochta.html

- *Treoir Nuashonraithe ar Leanúnachas Scolaíochta: Ag tacú le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil* ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/leanunachas-scolaiochta/leanunachas-scolaiochta.html

- *Socruithe le go mbeidh bearta teagmhais oiriúnacha i bhfeidhm ag scoileanna lena chinntiú go mbeidh scoileanna ullamh chun leanúint orthu ag tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sa chás go ndúnfar scoileanna go páirteach nó go hiomlán mar thoradh ar chomhairle Sláinte Poiblí* - Ciorclán 0074/2020

- Treoir do Chuairteanna TSSS, *Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta: Cuairteanna cigireachta deartha chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar do scoileanna maidir le timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a chruthú do chách* (Eanáir, 2021) ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirlínte-Meastóireachta/ag-tacu-le-solathar-sabhailte-scolaiochta-2021.pdf

Harold Hislop
Príomhchigire
oci@education.gov.ie